GX1005

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

**Scrúdú na Samhraidh, 2000-2001**

AN CÉAD SCRÚDÚ i NDÁIN

TÍREOLAÍOCHT

TI 101 Tús na Tíreolaíocht Fisiciúla

Meachain: 5 ECTS

An tOllamh Deasúin O Rathaille
An tOllamh Micheál O Cinnéide
Dr. John Mc Donagh
An tOllamh Ulf Strohmayer

Am: 3 uair
Bain usáid as leabhar freagraí ar leith do gach roinn.
***Freagair ceithre ceist, dhá cheist as gach roinn***

## ROINN A

1. Tugann líne cósta na hÉireann sárléargas ar obair na mara. Pléigh le léaráidí agus samplaí.

2. Ba mhór an cúnamh forbairt theoiric theicteonach na bplátaí chun ár n-eolas faoi éabhlóid an tírdhreacha a chur chun cinn. Imlínigh do thuiscint ar an ráiteas seo.

3. Déan cur síos ar na príomhphróiséasanna a chabhraíonn chun dromchla na talún a ísliú.

4. Cruthaítear gnéithe éagsúla nuair a chuireann fórsaí inmheánacha screamh an domhain as a riocht. Pléigh le cabhair léaráidí agus samplaí.

## ROINN B

5. Scrúdaigh ról an atmaisféir maidir le buiséad fuinnimh an domhain.

6. Imlínigh agus mínigh an gaothchóras plainéadach.

7. Tabhair cuntas mínitheach léirithe ar chobhsaíocht agus éagobhsaíocht atmaisféarach.

8. Mínigh próisis an chomhdhlúthaithe agus foirmiú frasaíochta. Léirigh le léaráidí na dálaí atmaisféaracha atá fabhráúil d'fhoirmiú baistí, sneachta, flichsneachta agus cloichsneachta.